Micheál Ó Fearraigh
Ealaín (na Gaeltachta) Teo.

Co. Dhún na nGall

An mbaineann an freagra seo le tuairim phearsanta an fhreagróra nó an bhfuil sé déanta thar ceann na heagraíochta thuasluaite?

Thar ceann na heagraíochta thuasluaite

An bhfuil tú toilteanach go bhfoilseofar an freagra seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.ahg.gov.ie?

Tá

Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;
- Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

1. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Is gá go leanfaí leis na dualgais seo agus ba chóir a chinntiú nuair gur aistriúcháin ar bhun-téacs Béarla atá sa leagan Gaeilge, go bhfuil an t-aistriúcháin sin foirfe agus gan locht ionas gur féidir glacadh leis a bheith ar chomh chaighdeán údaráis agus aitheantais leis an leagan Béarla. Ba chóir an t-eolas céanna a bheith ar fáil sa teachtaireacht leictreonach sa dá theanga (seachas ciorrúcháin sa nGaeilge, más aistriúcháin ar an mBéarla atá sa leagan Gaeilge)

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht
Dualgais reatha faoin Acht:

- Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Is gá go leanfaí leis na dualgais seo le cinntiú go bhfuil an Ghaeilge ar chomhchaighdeán tábhachta leis an mBéarla. Ba chóir a dheimhniú go bhfoilseofaí na doiciméid seo go dá-theangach mar aon leabhar amháin – seachas leagan ar leith Gaeilge agus leagan eile Béarla a bheith ann

Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Níl sé le brath fós go bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge ar do thoil le cuid de na comhlachtaí poiblí. Ba cheart breis éascú a dhéanamh ar an Ghaeilge a úsáid sa chóras, go mbeadh an Ghaeilge níos feiceálaí sa stáiseanóireacht, comharthaí, ar-líne, foirmeacha, doiciméid eolais. Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge chomh feiceálach agus ar chomhchaighdeán leis na cuid Béarla Ba chóir cloí leis na dualgais seo ionas go mbraitheann an duine sa phobal go bhfuil fáilte roimh teagmháil as Gaeilge. Ba chóir go mbeadh an t-ábhar atá aistrithe go Gaeilge chomh snasta leis an leagan Béarla, go háirithe ar an stáiseanóireacht. Ba chóir go mbeadh córas ann le cinntiú go bhfuil caighdeán an aistrithe go maith, soiléir agus soiléite maidir le comharthaíocht go háirithe. Ba chóir a chinntiú go bhfuil eolas, go háirithe mar a bhaineann le cistí maoinithe, ar fáil go héasca ar shuíomhanna idirlíona na gcomhlachtaí poiblí agus ba chóir a chinntiú go bhfuil an t-eolas seo cothrom le dáta agus ag teacht leis an leagan Béarla atá ar an suíomh. Ba chóir foirmeacha agus bileoga eolais a fhoilsiú go dátheangach (seachas leaganacha ar leith a bheith ann sa dá theanga).

Scéimeanna Teanga faoin Acht
Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4. (a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?
Sa mhéid agus gur ann dóibh is maith an rud é an córas Scéimeanna i bheidhm ach tá sé le tuiscint ón scrúdú atá déanta ag an gCoimisinéir Teanga gur léir go bhfuil an córas seo easnamhach go maith. Ba chóir féachaint ar fheidhmiú na scéimeanna in athuair agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras seo. San idirlinn, ba chóir na scéimeanna atá imithe i léig a thabhairt cothrom le dáta. Is minic go mbraitear ná tuigeann baill foirne na gcomhlachtaí poiblí gur seirbhís í seo go bhfuil an pobal i dteideal air, seachas seirbhís roghnaitheach sa mbreis ar an tseirbhís i mBéarla. Ba chóir go leagfaí amach clár feasachta agus oiliúna do bhaill foirne sna comhlachtaí poiblí le go dtuigtear go bhfuil ceart ag an bpobal ar sheirbhís trí Ghaeilge agus sa tslí seo go dtuigfeadh an pobal go bhfuil fáilte roimh iarratais agus roimh fhiosrúcháin i nGaeilge. Ba chóir a chinntiú go mbeadh foirmeacha atá a eisiúint don bpobal ar fáil go dá-theangach (seachas leagan ar leith i nGaeilge) le deis a thabhairt don bpobal dul i dtaithí ar théarmaíocht atá go minic casta in aon teanga, agus le fáiltiú roimh úsáid agus iarratais as Gaeilge. I bhfianaise an aischothú atá faighte ag Ealaín na Gaeltachta, braitear go

bhfuil easpa muiníne i measc an phobail maidir le déileáil agus láimhseáil iarratais a chuirtear isteach as Gaeilge agus gur fearr leagan bunaidh Béarla a chur isteach (go háirithe le comórtais ar mhaoiniú poiblí mar a mbíonn géar iomaíocht i gceist le teacht ar thacaíocht). Ba chóir go mbeadh dualgas ar chomhlachtaí poiblí, go háirithe iad siúd atá ag riaradh airgid trí scéimeanna, muinín an phobail a chothú maidir lena ndéileáil le hiarratais as Gaeilge. Ba chóir go mbeadh teacht go fuirist ar fhoirmeacha i nGaeilge atá ar fáil seachas iad a bheith ar fáil ar iarratas ón bpobal, fiú nuair is ann dóibh cheana féin. Ba chóir go mbeadh níos mó d'fhoirne na gcomhlachtaí poiblí ábalta ar dhéileáil le fiosrúcháin ar an nguthán leis an bpobal trí Ghaeilge.

4. (b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?
Tá éifeacht an chórais atá ann faoi láthair ag brath go mór ar éileamh a bheith ag teacht ón bpobal maidir le seirbhísí as Gaeilge. Mar go bhfuil tuairim áirithe i measc an phobail nach seirbhís inchurtha leis an tseirbhís i mBéarla atá ann, is minic ná déantar an t-éileamh seo go háirithe i measc muintir na Gaeltachta. Dá mbeadh athrú ann le go mbeadh an tseirbhís céanna á chur ar fáil ar bhunús cearta, trí Ghaeilge, bheadh níos mó creidiúint ag baint leis an tseirbhís trí Ghaeilge agus thiocfadh feabhas ar an tseirbhís sin. D'fhéadfaí aitheantas caighdeáin ar nós an "Quality Mark" a bheith le sroichint ag na comhlachtaí sin a shroicheann caighdeán seirbhíse áirithe. D'fhéadfaí na seirbhísí agus na hathraithe seo a thabhairt i bhfeidhm ar bhunús céimiúil thar tréimhse áirithe ama a leagfaí amach agus a dh'aithneofaí a bheith praiticiúl ó thaobh cur i bhfeidhm.

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht
Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5. (a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?
Tá an tseirbhís scríofa le comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht sásúil go leor tríd is tríd le feidhmiú an Achta. Níl sé sásúil, i bhformhór na gcásanna nach féidir do ghnóthaí a dhéanamh le hoifigigh na gcomhairlí contaetha, na Comhairle Ealaíona, na Roinne Ealaíona, Cultúir Éireann & r.l. (lasmuigh de Roinn na Gaeltachta)

5. (b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?
Ba chóir go n-earcófaí daoine go bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu i dtús a ré sa stát chóras ionas go bhfuil dóthain foirne ann le gur féidir a chur i mbun oibre leis an bpobal labhartha Gaeilge go háirithe más dualgais ginearálta seachas sainiúla atá i gceist. Ba chóir go mbeadh imeachtaí eolais á reáchtáil a chuirfeadh in iúl don bpobal na seirbhísí atá ar fáil ag an gcomhlacht poiblí nó grúpaí de chomhlachtaí poiblí go háirithe ins na ceantracha Gaeltachta Dá mbeadh coinníoll dlíthiúil á leanúint, sé sin le rá go mbeadh

seribhís trí Ghaeilge ar fáil sa Ghaeltacht, leagfaí béim ins na comhlachtaí poiblí ar chaighdeán na seirbhíse trí Ghaeilge a láidriú agus a fheabhsú.

Forálacha eile faoin Acht
Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Ní bhaineann sé seo leis an obair a bhíonn ar siúl ag Ealaín na Gaeltachta ó lá go lae.

Comhlachtaí poiblí faoin Acht
Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie.
Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?
Tá formhór na gcomhlachtaí faoin reachtaíocht ach ní fiú faic é seo gan Scéimeanna Teanga nó a leithéid, a bheith á fheidhmiú acu. Ba chóir dlús a chur faoina bhfeidhmiú. Ba chóir tús áite maidir le dréachtadh scéimeanna nua agus athnuachan ar scéimeanna atá ann cheana féin a thabhairt do chomlachtaí atá ag plé leis na pobail labhartha Gaeilge.

Oifig an Choimisinéara Teanga
Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?
Ba chóir a dheimhniú go bhfanfadh Oifig an Choimisnéara Teanga neamhspleách ó aon oifig eile den stáit agus ná déanfaí comhtháthú le haon oifig eile den stáit). Céim siar a bheadh anseo maidir le feidhmiú aon Acht Teanga ag baint ó chumhachtaí agus ó neamhspleáchais na hoifige. Níl aon fhianaise curtha ar fáil go mbeadh aon sábhailt airgid ann don gciste maoinithe poiblí

Go ginearálta

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?
Ba chóir go mbeadh fógraíocht ó eagraíocht stáit ar TG4 déanta as Gaeilge Ba chóir go mbeadh breis foirne i gcomhlachtaí poiblí go bhfuil ar a gcumas seirbhís a sholáthar as Gaeilge.

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?
Gach seirbhís atá ar fáil don saoránach lena s(h)aol a mhaireachtaint ar nós seirbhísí uisce, bóithre, sláinte, fiaclóireachta, clinicí leighis, cúrsaí oideachais, bailiúcháin bruscair, ceadúnas tiomána, eolas a bhaineann le húsáid feithicil, billí ó chomhlachtaí cumhachta (BSL, Bord Gáis & r.l), Deiseanna maoinithe airgid, scéimeanna oiliúna & oideachais, leabharlann

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?
Bíonn an t-eolas trí Ghaeilge eisithe níos deireanaí ná an t-eolas Béarla go minic, agus ní bhíonn an Ghaeilge fós chomh feiceálach ná ar fáil leis an mBéarla, rud a thugann easpa misnigh agus drogal ar dhaoine seirbhís a lorg nó iarratais a dhéanamh trí Ghaeilge, tá sé le braith fós gur seirbhís an –eisceachtúil atá á lorg ag duine. Níl dóthan brú dualgas á chur ar na heagrachtaí nó na comhlachtaí an acht a chur i bhfeidhm ón bpobal nó lastuigh den chóras. Ba chóir meabhrú don phobal an cearta seo a úsáid agus breis poiblíochta a dhéanamh sna meáin agus thríd na comharthaí poiblí cuí go bhfuil sé de cheart seirbhís a fháil trí Ghaeilge (agus samplaí a thabhairt de na háiteanna, seirbhísí éagsúla) A laghad daoine atá ag obair sa chóras poiblí gan cumas sa Gaeilge acu. Ní aithníonn formhór na foirne go bhfuil an 'ceart' ag an saoránach seirbhís as Gaeilge atá chomh héifeachtach agus ar fáil chomh fuirist céanna leis an tseirbhís as Béarla.

12. Céard iad na leasuithe a mholfá ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?
De réir a chéile, ba chóir go mbeadh níos mó daoine ag obair don stáit go bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu Ba chóir Oifig an Choimisinéara Teanga a choimeád neamhspleách Ba chóir go mbeadh iarracht déanta ag gach comhlacht poiblí seirbhís as Gaeilge a chur ar fáil i gcroí lár na Gaeltachta. Ba chóir go mbeadh a gcuid gnó á láimhseáil ag daoine go bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu agus go bhfuil tuiscint acu ar chúrsaí Gaeltachta